
# Ár dTírdhreacha Ársa:
# Toibreacha Beannaithe in Éirinn

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council





Téacs: Tamlyn McHugh.
Téacs Bithéagsúlacht: Lorcán Scott agus Catherine Casey.
Eagarthóireacht agus bainistíocht tionscadail: Ian Doyle.
Dearadh grafach: Ian Barry.
Aistriúchán Gaeilge: Translit agus Cathy Connelly.

Tá an Chomhairle Oidhreachta thar a bheith buíoch leo siúd go léir a chuir léaráidí ar fáil san fhoilseachán seo: Tamlyn McHugh; Lynn McDonnell ó Aonad Grianghrafadóireachta i Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Is le Tamlyn McHugh gach grianghraf eile, mura luaitear a mhalairt. Is é Anthony Corns ón gClár Fionnachtana a chuir léarscáiliú na toibreacha beannaithe in Éirinn ar fáil bunaithe ar shonraí a thiomsaigh Suirbhéireacht Seandálaíochta na hÉireann agus Rannóg an Chomhshaoil Stairiúil, sa Roinn Pobail, Tuaisceart Éireann. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Dr John O'Keeffe agus le John Murphy as cúnamh a thabhairt dúinn i ndáil leis sin. Déantar tuairimí an Dr Marion Dowd ó Scoil na hEolaíochta in Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) Sligeach a aithint lán buíoch.

© An Chomairle Oidhreachta/The Heritage Council, 2023.
ISBN: 978-1-906304-63-8

Sonraí an údair: Is as Co. Chorcaí do Tamlyn McHugh agus tá cónaí uirthi i gCo Shligigh ó 2013 i leith. Thosaigh Tamlyn suim a bheith aici sna toibreacha beannaithe le linn a hóige mar gheall ar chuairteanna a thabhairt ar shuíomh oilithreachta Naomh Gobnait i mBaile Bhuirne, Co Chorcaí.

D'oibrigh Tamlyn mar sheandálaí gairmiúil in Éirinn le breis agus 20 bliain ón am a bhain sí céim BA amach sa tSeandálaíocht agus sa Stair in 1998 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus MA i Modhanna agus Teicnící Cleachtais Seandálaíochta in 2000.

Tá taithí leathan seandálaíochta ag Tamlyn ins na earnáil poiblí agus an earnáil príomhadach. Idir 2017 agus 2021 chuir sí Tionscadal Seandálaíochta Pobail Shligigh ar siúl d'Oifig Oidhreachta Shligigh agus don Chomhairle Oidhreachta. Tá léachtaí tugtha aici go forleathan ar ábhar na dtoibreacha beannaithe agus tá scrúdú déanta aici ar toibreacha beannaithe ar shon na oifigí oidhreachta i Maigh Éo (2022-2023) agus Ros Comáin (2023).

Íomhá ar an gClúdach: Tobar Mhuire, in aice le Mainistir Ros Earc, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, lena gcuimsítear foinse uisce atá iata laistigh de theach dronuilleogach cloiche-thógtha.

An leathanach seo: Crann na nguíonna ag Cnoc Cille Bríde, gar do Lios Cearúill, Co. Chorcaí, mar a taifeadadh é i ngrianghraf sa bhliain 1943. Bhí ceannbhrat toir agus crann fuinseoige ar a dtugtar 'Crann Bhiddy' os cionn an tobair seo, atá suite ag bun na haille, áit a ndearnadh an patrún Lá Fhéile Bríde. Ceanglaíodh sreangán agus éadach leis an gcrann fuinseoige in ómós don naomh (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).

Tobar na Naomh Uile in aice leis an mBlarna, Co. Chorcaí, féach ar lch 31.

## CLÁR ÁBHAR

| CLÁR ÁBHAR | LEATHANACH |
|---|---|
| Cad is toibreacha beannaithe ann? | 2 |
| Cad iad bunús na dtoibreacha beannaithe? | 6 |
| Cad iad na hainmneacha éagsúla atá ar thoibreacha beannaithe? | 8 |
| Cathain a thugtar cuairt ar thoibreacha beannaithe? | 10 |
| Cad iad na deasghnátha a dhéantar ag tobar beannaithe? | 12 |
| Cén fáth ar tháinig meath ar ghníomhaíocht adhartha ag toibreacha beannaithe? | 17 |
| Cad é an ceangal idir leigheas agus toibreacha beannaithe? | 19 |
| Cad iad na gnéithe cloiche a bhaineann le toibreacha beannaithe? | 23 |
| Cad é an béaloideas a ghabhann leis na toibreacha beannaithe? | 28 |
| Toibreacha Beannaithe agus an Bhithéagsúlacht | 31 |
| An féidir liom cuairt a thabhairt ar thoibreacha beannaithe? | 33 |
| Conas is féidir liom aire a thabhairt do thobar beannaithe? | 34 |
| Cén áit is féidir liom tuilleadh a fháil amach faoi thoibreacha beannaithe? | 35 |





De réir béaloideas a taifeadadh ag Tobar Cholmáin, Sliabh Mór, ar Acaill, Co Mhaigh Eo, faigheann an chéad duine a shroicheann an tobar go luath lá an phatrúin a ghuí.

# Cad is toibreacha beannaithe ann?

Is áiteanna naofa iad toibreacha beannaithe na hÉireann atá sáite i dtraidisiúin agus nósanna seanbhunaithe. Tá ról tábhachtach ag na toibreacha beannaithe in oidhreacht chultúrtha agus traidisiún reiligiúnach na hÉireann, agus cuireann siad áit shíochánta ar fáil do chuairteoirí le haghaidh deabhóide pearsanta, urnaí agus leighis. Tá roinnt toibreacha beannaithe ann a bhféadfadh go dtéann siad siar go haimsir na réamhstaire, ach baineann siad den chuid is mó le deabhóid Chríostaí ón tréimhse mheánaoiseach (5ú-16ú haois AD) ar aghaidh, bhí siad go maith seanbhunaithe faoin 17ú haois agus ansin tháinig meath ar a n-úsáid faoi lár an 19ú haois.


Tá toibreacha beannaithe le fáil i dtíortha eile seachas amháin in Éirinn. Mar sin féin, agus breis agus 3,000 tobar beannaithe sa tír, tá i bhfad níos mó díobh in Éirinn ná mar atá in aon tír eile ar domhan. Tá tobar beannaithe ag gabháil le beagnach gach uile pharóiste in Éirinn, agus uaireanta roinnt díobh. Is iomaí toibreacha beannaithe a dtéann daoine ar cuairt chucu go rialta, agus a bhfuil laethanta patrúin ag gabháil leo atá fós á gcleachtadh. Tá go leor eile, áfach, nach bhfuil in úsáid, atá imithe chun fiántais, atá rófhásta nó a úsáidtear mar fhoinse uisce do bheostoc iad, agus ar an drochuair a bhfuil dearmad déanta ar an traidisiún a ghabhann leo le fada an lá.

Tá toibreacha beannaithe le fáil i raon leathan áiteanna lena n-áirítear ar an gcladach nó i bpluaiseanna farraige, ar bharr sléibhe nó ar slite sléibhe, ar phortaigh agus ar riasca, ar oileáin agus lochanna.


D'fhéadfadh féachaint ar thoibreacha beannaithe suite ar bharr sléibhe, ar thalamh portaigh nó ar chladach, a bheith míorúilteach ar bhonn ar leith mar gheall ar fhuarán fionnuisce a bheith ann ag láthair dá leithéid. Faightear an chuid is mó de na toibreacha beannaithe in aice le láithreacha sean-séipéil nó reiligí, go hiondúil lasmuigh de bhalla shuíomh an tséipéil, i bpáirc in aice láimhe leis. Ní feiniméan tuaithe amháin iad toibreacha beannaithe, tá siad suite inár sráidbhailte, inár mbailte agus inár gcathracha freisin.

Agus iad mar chuid dhílis den tírdhreach, is féidir go leor cineálacha a bheith i gceist le toibreacha beannaithe: fuarán simplí, lochán mór, loch beag, linn easa, nó fiú log i gcrann ina mbailítear uisce báistí. Go minic, bíonn siad lonnaithe laistigh d'abhantrach saorga nó de struchtúr claí cloiche, líneáilte go simplí le leaca cloiche ar a bhfuil céimeanna nó clocha glúine chun rochtain a fháil ar an uisce. Is féidir leis an suíomh timpeall an tobair a bheith simplí agus gan bheith i gceist leis an tobar ach log nádúrtha, agus tá toibreacha eile ann atá lonnaithe i dteach tobair atá cosúil le mion-aireagal nó clochán coirceogach. Is féidir le toibreacha beannaithe a bheith nua-aimseartha chun féachaint orthu, maisithe le dealbha, tírdhreachtaithe, gealbhruthaithe, le suíocháin curtha leo agus dromchla pábháilte ar mhaithe le rochtain éasca orthu. Tá roinnt toibreacha ann a bhfuil comharthaí áisiúla chun tú a threorú chucu ag gabháil leo, ach níl go leor acu siúd agus teastaíonn eolas áitiúil chun an chuid is mó díobh a aimsiú.

Dáileadh toibreacha beannaithe in Éirinn mar atá taifeadta ag Suirbhéireacht Seandálaíochta na hÉireann agus Rannóg Timpeallachta Stairiúil Thuaisceart Éireann (léarscáil le caoinchead an Chláir Fionnachtana).




# Cad iad bunús na dtoibreacha beannaithe?



◂ Tobar an Dúin, Co Dhún na nGall, mar atá sé sa ghrianghraf arna ghlacadh 1870-1890. Tá an tobar seo suite gar do Charraig an Dúin, suíomh traidisiúnta láthair oirnithe chlann Uí Dhomhnaill a bhí i gceannas ar an ríocht (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).

Ní fios dáta tionscnaimh na toibreacha beannaithe agus tá an-chuid díospóireachta déanta ina leith. Gach seans gur bunaíodh toibreacha beannaithe éagsúla ag tréimhsí ama éagsúla. B'fhéidir gur de bhunadh réamh-Chríostaí cuid de thoibreacha beannaithe na hÉireann, tá toibreacha beannaithe ann a bhfuil ceangail shoiléir ag a mbunús le naomh Éireannach luath, agus bhí cuid eile suntasach sa tréimhse mheánaoiseach níos déanaí tar éis teacht naoimh na Mór-Roinne. Measadh go raibh roinnt toibreacha beannaithe go háirithe speisialta, ina measc na toibreacha a bhaineann le láithreacha ríoga na hÉireann, mar shampla Teamhair, Co. na Mí, agus Ráth Chruacháin, Co. Ros Comáin. Toibreacha eile, suíomhanna le haghaidh oirniú na ríthe a bhí iontu, mar shampla tá láthair oirnithe Uí Dhomhnaill – Carraig an Dúin, i gCo. Dhún na nGall, gar do Thobar an Dúin.

Tá an sean-nós cuairt a thabhairt ar thoibreacha beannaithe ar cheann de na traidisiúin is sine a ghabhann leis an gCríostaíocht in Éirinn. Tá sé tugtha le fios ag an seandálaí Peter Harbison gurbh fhéidir go raibh tionchar ag tobar beannaithe ar an rogha áite le haghaidh an tsuímh inar lonnaíodh na mainistreacha luatha ar mhaithe leis an leanúnachas ó ghnásanna págánacha go gnásanna Críostaíochta. Rinne na naoimh daoine a bhaisteadh ag toibreacha agus ag foinsí uisce, áiteanna a mheas na daoine a bheith naofa. Tá tobar beannaithe amháin ag gabháil le beagnach gach naomh a bhfuil tuairisc le fáil ar a bheatha, a bhfuil sé ráite gur eisean nó ise a chruthaigh an tobar i gceist trí mhíorúilt. Go deimhin, níor thug na luath-Chríostaithe neamhaird ar thábhacht na toibreacha beannaithe, ina ionad sin is minic a thug siad isteach míreanna den sean-reiligiúin a bhí fós beo sna sean-nósanna agus traidisiúin sa nua reiligiún. Chuidigh sé an sean-reiligiúin a chomhtháitiú leis an reiligiún nua eaglais luath a bhunú in aice le tobar, nó b'fhéidir go raibh cúis phraiticiúil ann freisin séipéal a lonnú in aice le tobar, mar fhoinse úsáideach uisce, mar shampla. Tá a lán cásanna d'eaglaisí nach bhfuil ann go deo le fada an lá, agus gurb é an tobar a ghabhann léi an comhartha go raibh eaglais riamh san áit.




# Cad iad na hainmneacha éagsúla atá ar thoibreacha beannaithe?

◂ Tá Tobar an Aillt (is é sin le rá Tobar an Ghleanna) suite laistigh de chiorcail cloiche ar an taobh thoir de Loch Gile, Co. Shligigh.

Go luath sa 19ú haois, táirgeadh léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis d'Éirinn agus taifeadadh suímh go leor toibreacha beannaithe den chéad uair. Taifeadadh ainm Gallda an tobair, agus is minic a tugadh le fios an leigheas a bhaineann leis an tobar nó an naomh ar tiomnaíodh an tobar dó san ainm sin. Is féidir ainm tobair a bheith nasctha leis an leigheas a bhí le fáil ón tobar, mar shampla Tobar na Súl), Tobar na Plaighe agus Tobar na Deilge. Tá na toibreacha beannaithe tiomnaithe do naoimh Éireannacha den chuid is mó, idir naoimh áitiúla agus náisiúnta, agus Naomh Bríd (Tobar Bhríde) agus Naomh Pádraig ar dhá cheann de na naoimh is mó atá ainmnithe sa tír. Tá toibreacha tiomanta do na príomh-naomh Caitliceacha, ach ní chomh coitianta sin, mar sin féin. Tá go leor tobar ar a dtugtar Tobar na Naomh.

Tá baint ag toibreacha ar a dtugtar Tobar Mhuire nó Tobar na Maighdine Muire le Muire, an Mhaighdean Bheannaithe. Tá toibreacha ar a dtugtar Tobar Rí an Domhnaigh atá tiomnaithe do Dhia Uilechumhachtach. Is ar lá fhéile Mhichíl, an tArd-Airgeal, a dtéann daoine go Tobar na nAingeal. Tá toibreacha ainmnithe i ndiaidh sagart áitiúil, cléir a rinne míorúiltí nó leigheasanna ag an tobar den chuid is mó. Tá baint ag Tobar an Athar Ó Mórdha, Co. Cill Dara, leis an Athair Ó Mórdha, sagart a meas na daoine leigheas a bheith ann, agus ar thug an-chuid daoine cuairt air ar an gcúis sin. Roimh dó bás a fháil, in 1826, bheannaigh sé an tobar ionas go bhféadfadh daoine leas a bhaint as leigheasanna i ndiaidh a bháis.



Tobar an Aillt, Co. Shligigh, mar atá taifeadta i ngrianghraf 1860-83 ina léirítear dhá 'charraig Aifrinn' nó altóir ar gach taobh den tobar (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).

Grianghraf ón naoú haois déag de Thobar Rí an Domhnaigh, cathair Chorcaí, sular baineadh é mar gheall ar an mbóthar a leathnú i 1946. Tógadh teach an tobair os cionn an tobair agus bhí céimeanna cloiche ag dul síos go dtí an t-uisce (Músaem Poiblí Chathair Chorcaí).



# Cathain a thugtar cuairt ar thoibreacha beannaithe?




Tá carn ubhchruthach ag gabháil le Tobar Phádraig, Bun Duibhe, Co. Liatroma, agus tobar beag dronuilleogach cloiche amháin ann. Bhí sé de nós ag go leor toibreacha don oilithreach cloch a fhágáil ag taobh an tobair agus sin an tslí ar cruthaíodh an carn le himeacht ama.

Tugadh cuairt ar thoibreacha beannaithe i rith na bliana, ach tá baint ag formhór díobh le naomh agus ba é lá féile an naoimh an lá ba mhó cuairt a thabhairt ar thobar agus an oilithreacht a dhéanamh. Ba ar an Domhnach, den chuid is mó a thugtaí cuairt ar thoibreacha darbh ainm Domhnagh nó 'Tiarna'. Ar an Aoine nó ar Aoine an Chéasta a dtugtar cuairt ar thoibreacha faoin ainm Tobar na hAoine. Ba é Lá le Pádraig (17 Márta) agus Lá na Deastógála (15 Lúnasa) an dá lá ba ghnóthaí chun cuairt a thabhairt ar thoibreacha. Deirtear gur mó neart cumhachta tobair an oíche dhíreach roimh lá féile an naoimh lena mbaineann. Tá tairbhe ar leith le baint as sin trí bhigil a dhéanamh ag an tobar ó luí na gréine go héirí na gréine an mhaidin dar gcion.

Ceaptar go dtéann an oilithreacht siar i bhfad roimh theacht na Críostaíochta go hÉirinn. Tugtar le fios go ndearnadh adhradh ag na toibreacha beannaithe roimhe sin mar gheall ar an dáta ar tugadh cuairt orthu; go deimhin, tugtar cuairt ar thoibreacha ag na féilte réamh-Chríostaí Imbolc (1 Feabhra), Bealtaine (1 Bealtaine), agus Lughnasa (1 Lúnasa). Tugtar cuairt ar níos lú toibreacha ná sin ag Samhain (1 Samhain), agus an is mó aimsir an earraigh agus an tsamhraidh, go háirithe na míonna Iúil agus Lúnasa, a dtarlaíonn an t-adhradh amuigh faoin spéir. Is gnách go dtugtar Tobar na Naomh Uile ar thoibreacha a dtugtar cuairt orthu ag Samhain, agus tugtar cuairt orthu siúd ar an 1 Samhain, Lá na Naomh Uile.

Rinneadh ciorcaid Lá Bealtaine sa Chathair (nó Cathair na Sróna), Co Chiarraí. Is éard atá sa láthair ná dún cloiche agus stáisiúin aithrí agus tobar beannaithe, a bhfuil a uiscí i mbáisín coincréite cosúil le coire agus a mbíonn ag teacht aníos i mboilgeoga aníos go láidir. Rinneadh eallaigh a sheoladh ann Lá Bealtaine agus timpeall an tobair chun iad a chosaint don bhliain a bhí le teacht. Tugadh cuairt ar thoibreacha eile Oíche Naomh Eoin (23 Meitheamh), ar leagan Críostaí é d'fhéile lár an tsamhraidh nó ghrianstad an tsamhraidh. Oíche Naomh Eoin, rinne go leor daoine faoin tuath in Éirinn tinte cnámh. Léim daoine tríd an tine chnámh d'fhonn an t-ádh a tharraingt agus seoladh na heallaigh trí na luaithre nuair a bhí siad ag dul i léig chun na críche céanna.

Ba é an t-am is buaine agus ba choitianta ar fad chun cuairt a thabhairt ar thoibreacha beannaithe agus ar sléibhte beannaithe ná an Domhnach deireanach i mí Iúil, Domhnach Chrom Dubh, a bhíonn ann díreach roimh fhéile Lughnasa. Ag Lughnasa, rinneadh ceiliúradh ar dheireadh an tsamhraidh agus tús an fhómhair. Thagadh pobail le céile go traidisiúnta ar thaobhanna cnoic nó ag áiteanna áirithe cois uisce, ag aibhneacha, ag cladaigh locha agus ag toibreacha beannaithe chun an lá a chaitheamh ag baint taitneamh as damhsa, cluichí agus fraocháin a bhailiú. Ba é Lughnasa an tráth a rinneadh na hoilithreachta go dtí na sléibhte beannaithe Cnoc Bréanainn agus Cruach Phádraig. Tugtar cuairt ar Thobar Naomh Déaglán ar Aird Mhór, Co. Phort Láirge, ar an Domhnach deiridh de mhí Iúil; ag Tobar an Aillt, Co. Shligigh, tugann na mílte oilithreach cuairt ar an tobar an lá sin. Dar le Máire McNeill, údar le *The Festival of Lughnasa*, bhí na naoimh níos déanaí in ann na háiteanna seo a thabhairt isteach leo agus go leor feidhmeanna den dia págánach Lugh leo. Mar gheall ar an tóir a bhí ar na hoilithreachtaí seo, tugtar le fios cé chomh rathúil agus a d'éirigh le cuid de na naoimh teacht i gcomharbacht ar na déithe réamh-Chríostaí a bhí bainteach le toibreacha agus le láithreacha naofa eile dá leithéid.



# Cad iad na deasghnátha a dhéantar ag tobar beannaithe?

◂ Tá tobar Bhríde i Lios Ceannúir, Baile Stiabhna, Co. an Chláir, suite laistigh de theach tobair ina bhfuil tairiscintí a d'fhág oilithrigh ann iad le blianta fada anuas.

An tobair, i 1943 agus na míreanna a fágadh ann ag an am a ghlacadh an grianghraf léirithe ann (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann). ▸



Is imeacht áitiúil í an oilithreacht go dtí an tobar beannaithe ar a dtugtar na ciorcaid, an turas nó an patrún, lena dtagraítear don naomhphátrún. Láithreacha chun teacht le chéile ab ea na toibreacha agus ba mhinic gur ócáid shóisialta a bhí i gceist leis an oilithreacht. Ar an lá, tháinig daoine le chéile chun deasghnátha na hoilithreachta a dhéanamh, a tháinig chun críche sa deireadh ag an tobar áit ar óladh an t-uisce mar gheall ar an leigheas atá ann, chun cosaint a thabhairt i gcoinne an tinnis agus an oilc. Áiríodh crann nó cloch beannaithe freisin mar chuid den láthair ag go leor toibreacha beannaithe. Bhí feidhm ag na gnéithe seo mar stáisiúin stad nó áiteanna stad sna cleachtais ciorclaithe a rinneadh ag na toibreacha. Bhí éagsúlacht mhór sna deasghnátha a bhíodh á nglacadh, ach bhí an bealach a dtéadh an ciorcaid, líon na stáisiún, na paidreacha arna n-aithris, líon na gciorcaid a rinneadh agus an lá nó an dáta ar a tugadh an chuairt ar an áit leagtha síos go docht daingean. B'éigean deasghnáth casta na hoilithreachta a dhéanamh más rud é go raibh an t-oilithreach chun leigheas nó beannacht a fháil dó féin, nó thar ceann duine eile. Uaireanta bhíodh oilithrigh ag troscadh nó ag déanamh bigile thar oíche. Rinneadh ciorcaid cosnochta nó ar ghlúine loma agus paidreacha speisialta á n-aithris ag na daoine. Rinneadh na ciorcaid deiseal; ceapadh go ngairtear ar mhallacht dá ndéanfaí iad sa mhalairt treo (tuathal). Baineadh úsáid as roinnt toibreacha le haghaidh mallachta, go deimhin deirtear go ndearnadh na naoimh fiú mallachtaí, chomh maith le beannaithe.

De ghnáth déantar na ciorcaid trí huaire nó ina iolraí de thrí huaire, nó seacht n-uaire, agus déantar aon deichniúr amháin den phaidrín a aithris de ghnáth. Déantar paidreacha a chomhaireamh ar phaidrín nó ar chlocha beaga a úsáidtear mar chnaipí comhairimh. De ghnáth, bíonn na stáisiúin ag a nguíonn na hoilithrigh marcáilte le carn clocha, altóir, nó bollán mór nádúrtha a bhaineann leis an naomh. Déantar crosa a ghreanadh le méaróga ar 'chlocha marcála' ag na stáisiúin seo. Cuirtear na clocha comhairimh ar an gcarn aithrí ar gach ciorcad nó ar an gciorcad deiridh, agus déantar cros a inghreannadh ar theach an tobair nó in áit thábhachtach eile. Déantar na clocha nó na gnéithe eile a dteagmháil nó a chuimilt chun beannacht a fháil. Déantar uisce

an tobair a ól, a chur ar an gcorp, nó é a ní le linn gach babhta nó an bhabhta deiridh. Uaireanta déanann seanbhean de mhuintir na háite na cupáin a líonadh agus deoch as an tobar a thairiscint do na hoilithrigh, agus ord a choinneáil ar sheoladh na n-imeachtaí. Más rud é go raibh sruth ag teacht as an tobar nífí na cosa, na lámha nó an cloigeann ann. I dtobar éigin itear an caonach, an biolar, nó luiseanna eile a fhásann thart ar an tobar, nó cuirtear ar ghortú iad.

Fágadh ofrálacha mar chuid de na deasghnátha agus is féidir iad a fheiceáil scaipthe timpeall an tobair agus gnéithe gaolmhara leis sin, lena n-áirítear gréithe briste, boinn airgid agus boinn naofa, agus ceirteacha á gcrochadh ar chrann a ghabhann leis an tobar. Ba mhinic nach raibh luach airgid ar bith ag baint leis na míreanna a bhí i gceist, amhail cnaipí nó bioráin, bláthanna nó bia, leithéidí ime, coinnle, crosa, boinn naofa, pictiúir nó dealbha. Sa lá atá inniu ann, fágtar míreanna pearsanta chun impí ar an naomh toradh maith a réadú, mar shampla lasadóir chun cabhrú le duine éirí as caitheamh tobac, análóir le haghaidh duine atá ag fulaingt ón asma, nó peann chun beannú a thabhairt do dhuine atá ag déanamh scrúduithe. Sa lá atá inniu ann bíonn cártaí cuimhneacháin, cártaí Aifrinn, agus grianghraif de dhaoine a bhfuil tinneas orthu go coitianta ag toibreacha beannaithe. Uaireanta caitheadh boinn airgid sa tobar, é sin nó chasfaí isteach i gcrann in aice láimhe iad. Is éard a bhí i gceist leis sin ná gur aistríodh an tinneas chuig an gcrann. Ag Scrín Fhionnbarra, Gúgán Barra, Co. Chorcaí, bhí cros adhmaid chomh lán sin le boinn gur thit sí ar talamh mar gheall ar an meáchan, thosaigh daoine ina dhiaidh sin boinn airgid a chur isteach sa chrann ar ar cuireadh an chros briste. Bíonn maidí siúil le feiceáil mar ofrálacha ag toibreacha beannaithe rud a léiríonn an leigheas a bhí á lorg ag an oilithreach. Ag Tobar an Dúin, Co.

Mar gheall ar dheasghnátha mar iad siúd a léirítear sa phictiúr ▸ seo den 'Phatrún ag Gleann Dá Loch' timpeall ar 1816, cuireadh deireadh le patrúin agus tionóil ag láithreacha reiligiúnacha (Maria Spilsbury Taylor, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD).

Crann na nguíonna ag tobar Phádraig nó Tobar na Boghaille, Fearann na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh, Co Dhún na nGall.





Dhún na nGall, bhíodh go leor maidí siúil fágtha in aice leis an tobar sa 19ú haois; in éagmais crann a bheith ann bhí na maidí sin maisithe le ceirteacha. Le linn na paindéime Covid-19 fágadh maisc aghaidhe ag toibreacha beannaithe, rud a chuireann le fios tábhacht na dtoibreacha beannaithe sa lá atá inniu ann.

Tar éis na deabhóidí reiligiúnacha ag an tobar beannaithe, leanfadh ar aghaidh le cruinniú lá an phatrúin le siamsaíocht ina raibh cluichí, spóirt, damhsa agus stallaí. Ba mhinic a bhí na laethanta aonaigh ar siúl ag an am céanna le lá an phatrúin agus thagadh na sluaite móra ó chian is ó chóngar isteach sa cheantar. Uaireanta bheadh daoine ar meisce, nó bheadh an chúirtéireacht agus troid idir grúpaí mar gheall ar an siamsaíocht saolta sin. Gan cead oifigiúil cléireachais, tharla siamsaí achrannacha ag laethanta na bpatrún. Mar sin, ag Sionad Thuama sa bhliain 1660 bhí na rudaí seo toirmiscthe 'damhsa, feadóg mhór a sheinm, bannaí ceoil, reiligiúin círéibeacha agus mí-úsáidí eile maidir le cuairt a thabhairt ar tobair agus áiteanna beannaithe eile' (Ó Danachair, 1974). D'ordaíodh ag an Sionad nár cheart cuairteanna a thabhairt ar thoibreacha beannaithe ar an Domhnach agus bhí cosc curtha ar shagairt a bheith i láthair ag na cruinnithe sin. Ní raibh an eaglais sásta leis an troid agus an gráscar, an meisce agus an chúirtéireacht a bhí ar siúl, agus na deasghnátha ar nós ciorcaid a shiúil timpeall an tobair ar ghlúine lomnochta, is deasghnátha a measadh a bheith barbarach agus gurbh ionann iad agus piseoga. Thug duine a bhreathnaigh ar an bpatrún ag Tobar Naomh Déaglán, san Aird Mhór, Co. Phort Láirge, faoi deara go raibh 'fuil ar ghlúinte oilithreach ann de dheasca dhiagacht, agus fuil ar a gceann ón troid' (Hardy 1840). Mar gheall ar na gníomhaíochtaí neamhreiligiúnacha seo chuir an chléir Chaitliceach faoi chois roinnt patrúin le linn an 19ú haois.





Tá Tobar Cholm Cille, Dún Iarainn, Co. Shligigh, atá lonnaithe ar ghrinneall na farraige, ainmnithe as an naomh a ghabhann le Mainistir Dhroim Chliabh, atá suite in aice leis. Níl an tobar le feiceáil, agus inrochtana, ach amháin le lag trá. Tugann oilithrigh cuairt air ar an 9 Meitheamh (lá Fhéile Cholm Cille).

## Cén fáth ar tháinig meath ar ghníomhaíocht adhartha ag toibreacha beannaithe?

Scríobh scríbhneoirí taistil agus ársaitheoirí tráchtaireacht agus cuntais fhinné súl mhionsonraithe ar na cleachtais oilithreachta in Éirinn san 18ú agus 19ú haois. Bhí tionchar ag *Holy Wells of Ireland* (1840) le Hardy ar an gcaoi ar breathnaíodh ar ghníomhaíochtaí lá patrúin. Bhí uafás air faoin ngnás ina ndearnadh ciorcaid cosnochta agus ar ghlúine lomnochta, is gnás a mheas sé mar nós barbarach tuathánaigh. Bhí sé go láidir i gcoinne na gníomhaíochtaí tuata a tháinig i ndiaidh an chuid reiligiúnach den phatrún. D'áitigh Hardy 'go n-ardófar glór an phobail shoilsithe i gcoinne leanúint níos faide de chleachtais chomh táireach agus mímhorálta le haon cheann de na cinn a dtugann na náisiúin is neamhshoiléire de na tíortha aire dóibh.' D'ainneoin go raibh sé ina choinne, thug sé cuntas fíor-luachmhar ó fhinné súl ar na cleachtais, 'agus bhí siad chomh deimhin sin faoi bheannaitheacht na gcleachtas págánach sin go dtaistealfaidís cosnochta deich nó fiche míle chun dul timpeall ar a nglúine thart ar na toibreacha, na galláin agus na gcrann darach seo siar, sa treo a dtéann an ghrian, cuid acu trí huaire, cuid eile sé huaire, naoi n-uaire, agus mar sin de, i líon míchothrom uaireanta go dtí go raibh a n-aithreachas deonach críochanithe'.

Breathnaíodh in *Statistical Survey of the County of Donegal* (1802) le McParlan an ghníomhaíocht ag Tobar Mhálanna, tobar taoide ag Cionn Mhálanna, Co. Dhún na nGall. Scríobh sé: 'déantar oilithreacht cháiliúil lá faoi leith áirithe i rith an tsamhraidh, ar chuan na farraige a thagann isteach i measc carraigeacha chionn Mhálanna, ag titim líon mór coirníní: cuid acu ag siúl ar a gcosa, cuid acu ar a nglúine, agus roinnt acu ina seasamh, agus iad go léir ag rá a bpaidreacha de chogar go dian dáirire: ach críochnaíonn an searmanas le hionladh ginearálta san fharraige, fir agus mná go léir le céile ag spraoi san uisce, lomnocht, agus ag peacaí a chéile a ghlanadh'.

Bhí an meon diúlach a bhí ag Hardy agus McParlan léirithe ag an gcléir Chaitliceach agus ag an meánaicme Chaitliceach a bhí ag teacht chun cinn, arbh fhearr leo, in Éirinn sa tréimhse i ndiaidh an Ghorta Mhóir, a bheith ag guí laistigh de shéipéil nua. Mar gheall ar na Péindlíthe a mhaolú i ndiaidh Acht Fuascailte na gCaitliceach, 1829, cuireadh an Eaglais ar a cumas séipéil nua a thógáil agus scoileanna a bhunú. Rinne na sagairt tórraimh thraidisiúnta, an creideamh i sióga, rincí crosbhóthair, agus nósanna traidisúnta eile a cháineadh, agus spreag siad daoine urnaí a dhéanamh do Stáisiúin na Croise, agus urraim a thabhairt don Chroí Ró-Naofa (Ray 2015). Bhí an Eaglais Chaitliceach athchóirithe i bhfabhar freastal ar Aifreann, faoistin agus comaoineach, mórshiúlta, agus nóibhéiní, rud a d'fhág gur tháinig meath ar an lá patrúin traidisiúnta agus ar chuairteanna ar na toibreacha beannaithe. Mar thoradh ar fheachtais na heaglaise agus an stáit chun deireadh a chur leis na gnásanna sin a meas siad gur chreideamh agus iompar mígheanasach a bhí i gceist leo tháinig meath ar adhradh an tobair naofa (Foley 2010).



Chomh maith le tobar beannaithe ag Naomh Lasair, Cill Rónáin, Co. Ros Comáin, tá roinnt stáisiún paidreacha ann. Is leac mhór é ceann acu seo suite ar cheithre philéar cloiche a úsáideadh mar charraig Aifrinn. Bhí sé de nós ag na hoilithrigh sníomh faoi chloch na haltóra d'fhonn faoiseamh a thabhairt dá dhroimeanna má bhí pianta iontu.

## Cad é an ceangal idir leigheas agus toibreacha beannaithe?

Bhí ról tábhachtach ag toibreacha beannaithe ag gach céim de shaol an duine. Bhí nós ann go dtabharfá cuairt ar thobar beannaithe an oíche roimh duit phósadh; baineadh úsáid as toibreacha beannaithe don bhaisteadh sular cuireadh umair bhaiste sna séipéil; agus uaireanta bhí daoine ag iarraidh a bheith curtha in aice le tobar beannaithe. Tugadh cuairt ar thoibreacha ar go leor cúiseanna, mar gheall ar aithrí agus adhradh diaga ar an naomh, ach bhí cáil tobair as bia a leigheas go míorúilteach ar cheann de na príomhchúiseanna le cuairt a thabhairt ar tobar.

Ní raibh leigheas traidisiúnta ar fáil do dhaoine i gcónaí. Go deimhin, bhí sé níos saoire cuairt a thabhairt ar thobar beannaithe ná cuairt a thabhairt ar dhochtúir, agus go minic measadh go raibh sé níos éifeachtaí dá mbeadh creideamh ag an oilithrigh i gcumhacht leighis an naoimh. Ba é an t-am ab fhearr chun leigheas a lorg ná meán oíche lá féile na naomh, tráth a ceapadh go raibh an t-uisce ar lán a nirt. Deirtear go bhfiuchann toibreacha beannaithe atá tiomnaithe do Naomh Eoin Baiste ag meán oíche, Oíche Naomh Eoin (23 Meitheamh) agus creideadh go bhféadfaí aon rud a leigheas leis an uisce ag an am sin. Bhí go leor geasa a bhaineann leis an am ceart chun leigheasanna a lorg ach de ghnáth idir luí na gréine agus éirí na gréine ar lá féile an naoimh a bhí i gceist. Cé go bhféadfadh roinnt toibreacha aon ghalar a leigheas, nó go raibh siad neamhshonrach, bhí leigheasanna sonracha ag gabháil le cuid eile díobh. I measc na leigheasanna coitianta a bhí i gceist, áirítear súile tinn, tinneas cinn, scoilteacha, tinneas fiacaile, pianta droma, neamhthorthúlacht agus bacaíl. D'fhéadfadh leigheasanna eile tinneas meabhrach, plá, agus tinnis ainmhithe éagsúla a leigheas. Seoladh eallaigh chuig an gcladach cois an tobair, agus cuireadh capaill ag snámh trí loch a bhain leis an naomh. Go deimhin, measadh go raibh leigheas agus cosaint san uisce a bhí ag dul ón tobar agus d'fhéadfaí é a úsáid chun eallach a thiomáint tríd, agus doirteadh uisce as an tobar ar ainmhithe agus sa bhóitheach.

Bhí Tobar na Súl coitianta mar ainm ar thoibreacha beannaithe a bhí scaipthe ar fud na tíre. Bhí fadhbanna súl coitianta agus measadh go raibh toibreacha súl iontach leigheasach. Bhí na toibreacha céanna an-díograiseach freisin dóibh siúd a chuir isteach orthu agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le daille. Ag Tobar Sgreabhán, Co. an Chláir, ní hamháin gur leigheas an tobar súile tinne, ach thug sé cosaint don oilithreach ó na sióga freisin. Ba choincheap an-fíor go deo é an smaoineamh go bhféadfadh cumhachtaí osnádúrtha maitheas nó dochar a dhéanamh.

Tinneas coitianta a bhí ann ná pian droma, agus bhí méid áirithe míchompord i gceist leis an leigheas. Tá imeall le cuar nádúrtha ar an altóir ó aimsir na bpéindlíthe ag Tobar an Aillt, Co. Shligigh, ar cheart don oilithreach a dhroim a bhrú isteach air chun d'fhonn an pian droma a leigheas. Ag tobar Naomh Lassair, Co. Ros Comáin, caithfidh an té atá ag fulaingt dul isteach faoi altóir íseal cloiche ar na ceithre boinn chun an leigheas a fháil, agus sa Díseart, Co Dhún na nGall, má théann tú trí spás cúng idir dhá chloch atá ina seasamh faigheann tú leigheas ar phian droma. Is cuid den seanchas é go bhfuil tairbhí leighis i gceist le codladh a fháil ag tobar beannaithe. Ag Oileán na Cathrach, Co. Mhaigh Eo, tá cloch ar a dtugtar Leabaidh Phadruig; áit a leigheasfar an duine a raibh titimeas air, ach dá gcodladh sé nó sí ann.

Tugtar Tobar na nGealt ar toibreacha áirithe; cheapaí go leigheasadh siad sin saincheisteanna meabhairshláinte. In 1841 scríobh O'Donovan in Ordnance Survey Letters for Kerry faoi thobar beannaithe i nGleann na nGealt: 'Creideann muintir na háite fós, sa lá atá inniu ann, go

Tá struchtúr ar a dtugtar áirse Cholm Cille ar an luath-shuíomh eaglasta ag an Díseart, Co. Dhún na nGall, atá comhdhéanta de chlocha díreacha a bhfuil leac lindéir chothrománach ag luí orthu, agus carn de chlocha beaga scaoilte ar a bharr. De réir an tseanchais, chuaigh iad siúd a bhí ag iarraidh faoiseamh ón gcruachás tríd an áirse, ag brú isteach tríd, agus iad ag aithris paidreacha. Tá cairn aithrí agus tobar beannaithe ann freisin.



mbíonn dúil láidir ag gealta aghaidh a thabhairt ar an ngleann seo agus go dtugtar faoiseamh óna ngalar dubhach atá orthu as an uisce úr i dTobar na n-Gealt a ól agus an biolar ann a ithe. Tá a lán cásanna luaite acu de ghealta a thug cuairt ar an ngleann seo, agus a bhí i mbarr a sláinte nuair a chuaigh siad abhaile.' Go deimhin, tá rianmhianraí agus eilimintí cosúil le hiarann agus sulfar san uisce in a lán toibreacha, agus d'fhéadfadh go raibh leibhéal áirithe fírinne ann maidir le hairíonna leigheasacha na dtoibreacha seo dá bharr.

D'fhéadfaí an torthúlacht a mhéadú agus breith clainne a éascú trí guí ag toibreacha beannaithe áirithe. In 1625, thug Mac Domhnaill agus iníon Aodh Rua Uí Néill cuairt ar Thobar Bhríde, Co. Ros Comáin chun guí ar son leanaí. Rugadh a mac agus a n-oidhre i ndiaidh na hoilithreachta sin. Chun buíochas a thabhairt, thóg an t-iarla geata don teach folctha. Bhí roinnt toibreacha beannaithe ann ag a bhféadfaí leanaí tinne a leigheas tríd an leanbh a thumadh san uisce. Ag Tobar na Taise [nó 'Tobar an Taibhse'], Co an Chláir, bhí sé de nós leanbh tinn a shíneadh amach sa tobar a bhí i gcruth cónra ag súil le go gcuirfí biseach air nó uirthi. Ag Tobar Ultáin ar Inis Eoghain, Co Dhún na nGall, thugadh mná a leanaí íogair go dtí an tobar, agus deasghnátha na hoilithreachta a dhéanamh acu ar a son sa tslí sin. Tá cáil ar Naomh Ultán as a chumas leanaí breoite a leigheas. Bailíodh caonach ó Thobar Bhríde, an Dairtheach, Co. Luimnigh, a rinneadh é a bhruith le bainne a thabhairt do leanbh a raibh an triuch air mar chuid den chóireáil leis. Tá an 'Tobar ' ar a dtugtar an 'Chink Well' nó Chincough sa Bhéarla lonnaithe in aice Phort Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath, i bpluais nach bhfuil rochtain uirthi ach amháin ag lán mara. Mar a thugann an t-ainm Chincough le tuiscint, tá sé amach ar an tobar go bhfuil leigheas ann don triuch. Fágtar píosaí aráin mar ofrálacha d'fhonn an leigheas a fháil. Má théann an t-arán amach leis an taoide, ciallaíonn sé sin gur prognóis fhabhrach atá ann. Mar sin féin, níor chreid gach duine sa leigheas atá in uisce na dtoibreacha beannaithe. Bhreathnaigh liachleachtóirí ar thoibreacha mar shuímh phiseogacha a bhain leis an leigheas bréige. Luaigh cuairteoir ar tobar Naomh Déagláin, an Aird Mhór, contae Phoirt Láirge in 1867 go 'mbítear ag súil le go n-ólfá gloine uisce, agus nach bhfuil ann ach gnáthuisce fuaráin' (Ó Cadhla 2002).

Is féidir crainn bheannaithe a aimsiú ag toibreacha beannaithe. Is féidir an crann a bheith ainmnithe ndiaidh naomh ar leith agus is minic a mheastar go bhfuil cumhachtaí míorilteacha acu. Ba chuid lárnach den phatrún nó de na ciorcaid a rinneadh ag go leor toibreacha beannaithe é ceirtín a chrochadh ar an gcrann. Crochadh ceirteacha, paidríní nó earraí pearsanta an duine thinn ar an gcrann ceirte, mar a dtugadh orthu, mar thairiscintí móideacha. Chun leigheas a fháil, níodh an chuid de chorp an duine a bhí gortaithe (go háirithe na súile) leis an gceirtín, agus ina dhiaidh sin ceanglaíodh é sin leis an gcrann. Deirtear go gcuirfí deireadh le fadhb an oilithrigh nuair a lobhfadh an ceirt. Maidir leis na daoine siúd nach raibh in ann a leaba a fhágáil, cuireadh stráice dá n-éadaí leapa ar crochadh ar an gcrann ragairne. Go traidisiúnta, ceirteacha dearg ab ea na cinn a roghnaítí, dath a chreideadh a bhí in ann cosaint in aghaidh deamhain, ach sa lá atá inniu ann úsáidtear gach aon dath, agus bíonn raon leathan de rudaí pearsanta ag crochadh ar an gcrann. Uaireanta bíonn nótaí ceangailte leis an gcrann, mar achainí ar idirghabháil lámh Dé. Meastar crainn a fhásann ag toibreacha beannaithe a bheith naofa agus ní féidir iad a úsáid le haghaidh connadh, go deimhin ní féidir craobh a chuaigh i dteagmháil le huisce an tobair a dhó.

Dealbh ealaíne pobail ag Tobar Naomh Ciarán, na Sealbha, Co Dhún na nGall. ▸




Cad iad na gnéithe cloiche a bhaineann le toibreacha beannaithe?

I measc na gcloch a fhaightear ag toibreacha beannaithe tá clocha leigheasta, clocha pollta, clocha paidreoireachta, bolláin, stáisiúin nó cairn aithrí, clocha oghaim, clocha piléir agus clocha croise inscríofa. Is féidir na gnéithe seo a ionchorprú i gcleachtas na hoilithreachta ag na toibreacha, cibé an bhfuil sé ag cur cloch le carn aithrí nó cros a inghreannadh mar chloch speisialta. Uaireanta, bhí na clocha seo suiteáilte i gcruth cathaoir nó leaba, a ndeirtear gur shuigh an naomh nó gur chodail sé air. Bhí tábhacht ag baint leis an gcineál cloiche freisin, measadh go raibh cumhachtaí osnádúrtha ag clocha daite agus ag grianchloch. Tabharfar cosaint don té a bhfuil clocha daite ómra as tobar beannaithe aige ó chaillteanas de bharr tine nó uisce. Dúradh go bhfaighfeá cosaint ar muir ach cloch ó áit naofa a bheith agat ar bord soithigh, go gcaomhnódh sé ó chontúirt thú.

Uaireanta rinneadh clocha áirithe a phógadh nó a chuimil, agus cinn eile coinníodh iad sa lámh agus cinn eile fiú cuireadh timpeall an choirp iad mar chuid de na deasghnátha a ghabh leis an oilithreacht. Leigheasfaí an t-oilithreach dá gcuimilfí an chuid dá chorp a bhí gortaithe i gcoinne an cloch philéir in aice le Tobar Adhamhnáin, Co Dhún na nGall. Ceapadh freisin go raibh cumhachtaí speisialta ag gabháil le clocha ina raibh poll. I ndáil le heangú ar chloch, dúradh gur rian ar ghlúine, mhéara, nó chosa an naoimh a bhí i gceist, agus i gcás amháin fiú dúradh gur rian ar bhundún an naoimh a bhí ann! D'fhéadfadh clocha eile, dá mbainfí den tobar iad, filleadh ar an áit as ar tógadh iad. Is iomaí scéal ina luaitear clocha troma ar goideadh iad, agus gur tháinig mí-ádh ar an ngadaí, agus go dtaibhseofaí an chloch ar ais ag an tobar amhail is gur míorúilt a tharla. Tá finscéalta eile ann ina luaitear leaca móra a d'fhéadfadh a bheith ar snámh ar an uisce agus a d'úsáid na naoimh iad mar bháid, d'fhéadfadh roinnt acu fiú an naomh a thabhairt anall go tíortha eile. D'fhéadfadh cloch a chumhacht a chailleadh mar gheall ar gur cuireadh isteach uirthi nó nár léiríodh urraim di. Baineadh úsáid as clocha ag toibreacha beannaithe chun mionn a thabhairt. Creideadh go raibh na clocha seo an-chumhachtach agus go bhféadfadh siad díoltas a dhéanamh ar dhuine dá mbrisfí an mionn. Ag Tobar Fheichin, an Teach Dóite, Co na Gaillimhe, tá leac mhór ubhchruthach ar a dtugtar Leac Fheichin. Ceanglaíodh ar dhuine a cúisíodh as coir nó as olc a dhéanamh guí ag an gcloch agus í a iompú deiseal. Dá mbeadh an fhírinne á rá acu ní tharlódh rud ar bith; ach i gcás nach an fhírinne a bhí á rá acu, áfach, bheadh Naomh Feichín maslach agus díoltas crua a bhaint amach ar an duine. Baineadh úsáid as iarsmaí na naomh, go háirithe clog-scrínte, chun mionn a thabhairt. Tugadh amach iarsma an naoimh ar lá an phatrúin agus rinne na hoilithrigh fíor na croise a ghearradh orthu féin trína chur timpeall a gcorp trí huaire, deiseal.

Bíonn balláin le fáil go coitianta ag toibreacha beannaithe. Tá logáin nádúrtha nó saorga i mballáin, agus sin is a dtagann an focal, is ionann 'bolla' agus babhla nó báisín. Deirtear uaireanta gurbh é an naomh a chruthaigh an log i mballán tríd é a úsáid mar philiúir. Dúradh go raibh airíonna cneasaithe ag an uisce a bailíodh i mballán, agus go raibh feidhm ar leith aige chun faithní a leigheas. I gcásanna áirithe breathnaíodh ar na clocha amhail is gur ionann iad agus an tobar beannaithe.

Tá clocha mallaithe le fáil ag toibreacha beannaithe. Tá sraith cháiliúil de chlocha mallaithe ar a dtugtar na Clocha Breaca, lonnaithe ar Inis Muirígh, Co. Shligigh. Chun mallacht a ghuí, ní mór don té atá ag agair an mhallacht troscadh a dhéanamh ón oíche roimh ré. An lá dár gcionn déantar na clocha ar an altóir mallachta a chasadh deiseal naoi n-uaire. B'éigean an mallacht a dhéanamh ar chúis mhaith; mura raibh údar leis an mallacht d'fhéadfadh sé a bheith curtha ar an té a chas na clocha. Deirtear nach







Ar chlé:
Ballán ag Uaigh Naomh Gobnait, Baile Bhuirne, Co Chorcaí.

Thíos ar chlé:
'Clocha Bhríde' a thugann muintir na háite ar an mballán seo atá suite ag Cill Laighneach, an Blaic, Co. an Chabháin, toisc gur úsáideadh na clocha seo chun mallacht a dhéanamh tráth dá raibh. Tá siad gar don suíomh eaglasta Cill Laighneach agus an tobar beannaithe Tobar Bhríde sa bhaile fearainn an Tearmann.

Thíos:
Tá aithne ar an log san chlog seo ag Tobar an Aillt, Co. Shligigh mar lorg Pádraig Naofa.



Teach an tobair ag Tobar Phádraig, Reilig an Ghreallaigh, Co. Bhaile Átha Cliath. Taifeadtar é seo mar 'St Michael's Well' ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, 1837. Tugtar 'Tobar Mhic Cuilinn' agus 'Tobar Phádraig' air freisin. Chun teacht ar uisce an tobair téitear síos trí chéim, agus seamróg greanta ar an gcéad chéim (©Cartlann na nGrianghraf, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann).

féidir teacht ar an líon céanna clocha gach uair a dhéantar na Clocha Breaca á chomhaireamh. Téann úsáid clocha mallaithe siar go mallacht liotúirgeach chléir na luath-mheánaoise chun smachtbhanna a fhorchur in aghaidh naimhde agus daoine a bhris mionna.

Is féidir le torthúlacht agus naisc leis an mbreith a bheith ag gabháil le clocha a aimsítear gar do thoibreacha beannaithe agus ar shuíomhanna oilithreachta. Ag Tobar Naomh Athract, Mainistir Ardáin, Co. Shligigh, creidtear gur mharaigh an naomh nathair ag suíomh an tobair. Tá roinnt clocha cruinn ar a dtugtar 'uibheacha na nathair' ar bharr bhalla an tí tobair. Go traidisiúnta, thabharfadh bean atá ag iarraidh clann a iompar cloch a thabhairt abhaile léi agus í a thabhairt ar ais tar éis di leanbh a thabhairt ar an saol. I go leor cultúir, léiríonn nathair agus nathracha an torthúlacht, cailleann nathracha a gcraiceann, agus is siombail iad dá réir don athbhreith agus den chlaochlú.

Carnanna cloiche is iad cairn aithrí a aimsítear go minic gar do thoibreacha beannaithe agus is stáisiúin nó áiteanna sosa iad a úsáidtear le linn na ciorcaid a dhéanamh. Chuir na hoilithrigh cloch leis gach uair a dúirt siad paidir nó ciorcaid. Tá cairn mhóra ag gabháil le roinnt toibreacha, is fianaise ar líon na n-oilithreach a rinne na ciorcaid ann. Ar Inis Gé Theas, i gCo. Mhaigh Eo, tá na clocha ar an gcarn in aice le Tobar Naomh Deirbhile roghnaithe go speisialta agus is clocha bána iad go léir. Is féidir gur bronntanas an chloch freisin ó oilithreach nó fiú ó naomh, áit is beag eile a d'fhéadfaí a thabhairt mar ofráil ghlóthach.

Carn aithrí ag An Tulachán, Co. Shligigh. Taifeadtar i 1878 'go bhfuil carn cloiche cóngarach don tobair, caite gan dabht, ag dílseoirí, mar chomhlánú ar a gcuairt.'





Tá balla íseal imfhálaithe timpeall ar Thobar Bhreandáin, Cill Mhíona, Co. Mhaigh Eo.

## Cad é an béaloideas a ghabhann leis na toibreacha beannaithe?

Tá béaloideas saibhir ag gabháil leis na toibreacha beannaithe. Tá scéalta coitianta ann ina insítear conas a cruthaíodh an tobar; conas a d'éirigh leis an naomh an ceann is fearr a fháil ar an naimhde a rinne iarracht an tobar a mhilleadh; conas a fuair an tobar a chumhachtaí; nó an tslí ar iompaíodh agus na págánaigh sa cheantar ag an tobar nuair a baistíodh iad ann. Is féidir a thuar cad atá i ndán amach anseo ag roinnt toibreacha. Más rud é nach bhfeiceann an t-oilithreach a scáil féin in uisce an tobair, ba dhroch-chomhartha é sin, agus comhartha go bhfaigheadh an duine sin bás taobh istigh den bhliain. Is féidir le toibreacha eile fórsaí nádúrtha a athrú. Ag Tobar na Cabhrach ar Inis Muirígh, Co. Shligigh, bhí sé de nós ag muintir an oileáin an t-uisce a dhraenáil as an tobar agus é a chur ar ais san fharraige lena ciúnú dá réir. Dúradh go gcosnódh cré arna bhaint ó roinnt toibreacha beannaithe mairnéalach slán ó longbhriseadh.

Uaireanta, bíonn ceangail idir tobar agus scéal shliocht teaghlaigh. Ag Tobar Bhreandáin, Cill Mhíona, Co. Mhaigh Eo, 'creidtear gur ordaigh na Sasanaigh scrios a dhéanamh ar Chlann Uí Mháille, tráth, agus gur mharaigh siad na leanaí agus na bunóic fhireanna go léir. Ach tugadh bunóc, cailín, faoi rún go dtí an tobar, a bhí cosanta, rinneadh í a thumadh ann, agus iompaíodh í ina buachaill dá réir, agus is as an mbuachaill sin a thagann sliocht mhuintir Uí Mháille' (Logan 1980).

Is minic baint a bheith ag éisc naofa le toibreacha beannaithe. Deirtear go bhfeictear na héisc neamhbhásmhara osnádúrtha seo, agus bradán nó breac cuid mhaith den am, agus uaireanta eascanna, i dtobar dóibh siúd atá ag lorg tuar faoina tá i ndán sa todhchaí. Ceaptar gur chuidigh eascann a chonaic bean i dTobair Bhríde, Lios Ceannúir, Co an Chláir, léise an Lotto a bhuachan! Bhí geis ar na héisc sin a ghabháil, agus comhartha den bhás é leis. Gheobhfá bás trí lá, trí mhí, nó trí bliana tar éis an t-iasc a ghlacadh. Is iomaí scéal faoi thoibreacha beannaithe ina ndéantar an t-iasc a ghabháil agus iarracht é a chócaráil, agus is é an toradh a bhíonn aige sin ná go n-éalaíonn an t-iasc agus ansin go dtaibhsítear arís é sa tobar agus marcanna dóite air mar leid a sceitheann an scéal.


Tá scéalta ag gabháil le go leor toibreacha beannaithe faoi chréatúr beag ar féidir leis athrú mór a chur i gcríoch agus fiú an bás a thuar. Ag Tobar Naomh Colmán, Acaill, Co Mhaigh Eo, faigheann an chéad duine ag an tobar go luath ar lá an phatrúin toradh a ghuí, cé go bhfuil daoine a dheir 'go bhfuil péist bheag ann agus má thagann sé aníos go barr an uisce gheobhaidh tú féin nó duine muinteartha agat bás' (Bailiúchán na Scol, 0086:257). Tugtar Tobar na Seilide ar thobar pobail ar Sráid an tSean-Phóna, Sligeach. Tá cur síos déanta i Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis (1836) ar chumhacht seilide a chónaíonn sa tobar "a deir muintir na háite faoi go scriosfaidh sé an baile ar fad leis an uisce sa tobar, uair breá éigean, amach anseo. Is é an fáth a dtugtar Tobar na Seilide air ná go bhfeictear seilide ag teacht amach as an tobar uair gach seacht mbliana, a shíltear é a bheith ina dhuine draíochtúil agus meiteamorfach, agus an chumhacht aige chun amach anseo uisce an tobair a chur thar maoil, agus go ndéanfar dá réir an baile a scriosadh mar atá tuartha."

Dá mba rud é go ndearnadh dímheas a léiriú ar an tobar, nó go mbainfí mí-úsáid as, d'fhéadfadh sé a shuíomh a aistriú i rith na hoíche, nó imeacht as radharc ar fad, nó d'fhéadfadh sé, fiú, a bheith le feiceáil i log crainn in aice láimhe nó bogadh go paróiste in aice láimhe. Uaireanta rinneadh an tobar a mhasla mar gheall ar an t-uisce a úsáid chun éadaí a ghlanadh, chun bia a fhiuchadh nó a chócaráil, nó b'fhéidir chun poitín a dhéanamh, nó chun conablaigh ainmhithe a ní, nó b'fhéidir, fiú, gur chuir namhaid isteach ar an tobar. Tá scéalta ann faoi iarmhairtí uafásacha dóibh siúd a chlúdaíonn tobar, agus is minic gurb é an tiarna talún áitiúil nach raibh sásta le hadhradh an tobair atá i gceist. Uaireanta bhíodh an tobar beannaithe ina dhiaidh sin le feiceáil ag cur thar maoil i dteach an tiarna talún. Is minic a d'fhéadfadh tobar dul i ndísc go nádúrtha, ach b'éigean an milleán a chur ar dhuine, comharsa nár thaitin leis an bpobal nó nach raibh muinín acu as, b'fhéidir. I gcás gur imigh tobar agus gur tháinig sé ar ais sa pharóiste in aice láimhe, bheadh daoine ag líomhain a chéile as cur isteach ar an tobar nó as é a ghoid!

Le Tobar na Naomh Uile in aice leis an mBlarna, Co. Chorcaí, taispeántar dúinn conas is féidir le tobar a bheith mar thearmann don bhithéagsúlacht. ▸



# Toibreacha Beannaithe agus an Bhithéagsúlacht



Mar gheall ar a dtábhacht chultúrtha agus an tábhacht ann ó thaobh deasghnátha, níor athraíodh toibreacha beannaithe de réir na hathruithe ar cuireadh leis an tuath ina máguaird, agus mar sin tá siad cosúil le reiligí ar bhealaí áirithe – tearmann bithéagsúlachta. Tá roinnt fána agus flóra tar éis oiriúnú go sonrach do na coinníollacha a bhaineann le comhshaoil toibreacha. Is minic go mbíonn sruth thar maoil cois tobair, nó limistéir fhliucha timpeall air, agus is féidir a dtábhacht éiceolaíoch a mhéadú tuilleadh dá réir. Tacaíonn an t-uisce reatha le plandaí a dtaitníonn an t-uisce leo amhail lus buí na Bealtaine (*Caltha palustris*) agus an mismín dearg (*Mentha aquatica*), a sholáthraíonn bia agus gnáthóg d'éagsúlacht feithidí agus créatúir bheaga arna dtacú ann. Cothaíonn na timpeallachtaí tais, agus atá faoi scáth go minic, timpeall an tobair le caonaigh, léiciní agus fungais éagsúla a fhás, cuid acu atá neamhchoitianta in áiteanna eile.


Cuimsíonn fásra timpeall na dtoibreacha de ghnáth crainn dhúchasacha agus eadóirsithe amhail an iúr (*Taxus baccata*) agus an sceach gheal (*Crataegus monogyna*) agus uaireanta fiú crainn iasachta amhail an sprús Sitceach mar atá ag Tobar Bhríde sa Tulaigh, Co. Chill Dara. Is minic nach mbíonn deis ag go leor de na crainn seo, go háirithe an sceach gheal, fás ina gcrainn lán-fhásta ach is féidir leo a bheith tairbheach chun áit le haghaidh nead agus foscadh a sholáthar d'éin chomh maith le gnáthóga d'inveirteabraigh agus mamaigh bheaga. Tá siad suntasach agus álainn sa tírdhreach freisin.

Is féidir gurb é bunús le a lán de na leigheasanna tobair bheannaithe an flóra luibhe a bhaineann leo, is foinse aspirín a choinnítear le fada an choirt ó chrainn sailí (*Salix Spp.*) agus is minic a dtugtar 'toibreacha tinneas cinn' ar thoibreacha a bhfuil crainn saileach timpeall orthu. Luaigh Celeste Ray (2020) 'go ndéantaí an triuch a chóireáil ag toibreacha ag a bhfuil an tursarraing flúirseach ina aice; gabhann an lus cré talún le 'toibreacha súl', agus sa lá atá inniu ann meastar toibreacha ag a bhfuil lus na gcnámh briste le feiceáil mar shólásaithe don airtríteas agus pian sna hailt cé go mb'fhéidir nach mbeadh dílsitheoirí na dtoibreacha ar an eolas faoi úsáid an lus sin mar leigheas dúchasach sa lá atá inniu ann'.

Ní hamháin go bhfuil toibreacha beannaithe suntasach ó thaobh cultúrtha agus spioradálta de, mar sin, ach is féidir leo freisin pócaí ríthábhachtacha bithéagsúlachta a chruthú i dtírdhreach atá ag éirí níos modhnaithe ag an duine, ag tacú le héagsúlacht neacha beo agus ag cuidiú le cothromaíocht shláintiúil a choinneáil in éiceachórais áitiúla.



# An féidir liom cuairt a thabhairt ar thoibreacha beannaithe?



Cloch mharcála ag scrín Naomh Fionnbarra, Gúgán Barra, Co Chorcaí. Go traidisiúnta, déanann oilithrigh clocha den chineál seo a chuimilt.

Tá rochtain ar go leor toibreacha beannaithe agus deabhóidí gníomhacha ar siúl ina dtimpeall. Is é Lá Fhéile an Naoimh an lá is coitianta le cuairt a thabhairt air, ach is féidir cuairt a thabhairt ar thoibreacha beannaithe ag am ar bith den bhliain. Is féidir é a bheith deacair teacht ar thoibreacha beannaithe, go bhfuil faillí déantar orthu nó, ar mhí-ámharaí an tsaoil, nach bhfuil na sean-ghnásanna a ghabhann leo á gcleachtadh a thuilleadh agus go bhfuil na sean-nósanna a bhaineann leo caillte. Tá go leor toibreacha beannaithe suite ar thalamh príobháideach agus ar fheirmeacha; ní mór cead a lorg ón úinéir talún roimh rochtain a fháil ar na toibreacha beannaithe siúd.

# Conas is féidir liom aire a thabhairt do thobar beannaithe?

In Éirinn, is séadchomharthaí seandálaíochta taifeadta iad toibreacha beannaithe agus tá siad cosanta faoi reachtaíocht na Séadchomharthaí Náisiúnta. Ní mór fógra faoi oibreacha beartaithe ar tobar beannaithe a thabhairt dhá mhí roimh ré don tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta (NMS) lena cheadú. Tá sé tábhachtach carachtar an tobair a choinneáil. Tá gach tobar uathúil agus tá gnéithe nach féidir iad a athsholáthar mar cuid dá oidhreacht, agus mar sin ba chóir iad a chaomhnú. Chun comhairle a fháil, déan teagmháil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sula ndéantar na hoibreacha atá beartaithe, tá sonraí ar fáil ag **www.archaeology.ie**.

- Seiceáil cé leis na tailte i gcónaí agus cinntigh go n-aontaíonn an t-úinéir le haon athruithe atá molta m.sh. rochtain fheabhsaithe nó comharthaí léirmhínithe
- Déan teagmháil leis an Oifigeach Oidhreachta i do cheantar áitiúil, b'fhéidir go bhfuil suirbhé déanta acu ar thoibreacha beannaithe
- Uaireanta is trí fhíorbheagán a dhéanamh a dhéantar obair mhaith, agus mar sin d'fhéadfadh gur cheart é a 'fhágáil slán mar atá sé'
- Bí aireach ar an mbithéagsúlacht, d'fhéadfadh go mbeadh comhairle shaineolach ag teastáil ar an éiceolaíocht
- Is minic go mbíonn toibreacha beannaithe mar chuid de choimpléasc seandálaíochta ar nós láthair eaglaise, mar sin déan iarracht gan tobar a fheiceáil ina aonar.
- Ná déan dearmad, tá toibreacha beannaithe cosanta faoi reachtaíocht na Séadchomharthaí Náisiúnta
- Déan iarracht a chinntiú go bhfuil aon tabhartais a fhágtar ag tobar in-bhithmhillte
- Is áiteanna iad toibreacha beannaithe a bhfuil stair a théann fada siar acu agus d'fhéadfadh bríonna éagsúla a bheith acu do go leor daoine éagsúla den phobal

### I measc na rudaí is féidir leat a dhéanamh, d'fhéadfá:

- Labhair le seandaoine sa phobal faoina gcuimhní cinn i ndáil le toibreacha beannaithe agus an méid a tharla ina aice leo
- Seiceáil Bailiúchán Béaloideas na Scol chun teacht ar sean-nósanna a bhaineann le toibreacha beannaithe
- Glac pictiúir agus scannáin, agus tarraing sceitsí chun gnásanna an lae inniu a taifeadadh
- Múin do pháistí agus daoine óga eile faoi thoibreacha beannaithe



# Cén áit is féidir liom tuilleadh a fháil amach faoi thoibreacha beannaithe?

In 1937 chuir Coimisiún Béaloideasa Éireann, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Cumann Múinteoirí Éireann, tús le scéim inar spreagadh páistí scoile chun béaloideas agus stair áitiúil a bhailiú óna dtuismitheoirí, óna seantuismitheoirí agus ó dhaoine scothaosta eile sa phobal áitiúil. Bailíodh eolas fíorluachmhar lena n-áirítear gnásanna oilithreachta, sean-nósanna agus scéalta a bhaineann le toibreacha beannaithe áitiúla. Is féidir teacht ar Bhailiúchán Béaloideas na Scol anois ar líne ag **www.duchas.ie** agus is foinse thábhachtach eolais é ar thoibreacha beannaithe. Tá eolas ar thoibreacha beannaithe taifeadta ag Suirbhéireacht Seandálaíochta na hÉireann agus á thaifeadadh i gcónaí. Tá suirbhéanna ar fud an chontae coimisiúnaithe ag go leor oifigí oidhreachta de chuid na gComhairlí Contae. Tá suirbhéanna riachtanach chun cuimhne na dtobar beannaithe áitiúla, a n-ionad, nósanna oilithreachta, lá féasta, leigheasanna, agus naomh gaolmhar a bhailiú agus a chaomhnú.

### Acmhainní ar líne

Suíomh gréasáin agus Breathnóir Timpeallachta Stairiúil Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta:
**www.archaeology.ie**
**https://maps.archaeology.ie/HistoricEnvironment/**

Is breathnóir sonraí spásúlachta gréasán-bhunaithe é breathnóir Léarscáileanna Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta ina bhfuil raon leathan tacair sonraí oidhreachta tógtha agus nádúrtha i bhfoirm léarscáileanna:
**www.heritagemaps.ie**

Coimisiún Béaloideasa Éireann (1937-38) Bailiúchán na Scol, Bailiúchán Bhéaloideas Éireann. Ar fáil ar an suíomh gréasáin Dúchas:
**www.duchas.ie**

Tá eolas faoi thoibreacha beannaithe ar fáil ar leathanaigh agus grúpaí meán sóisialta, ar phodchraoltaí agus ar bhlaganna freisin.

## Foinsí clóite


Brannigan, G. (2012) *Ancient & Holy Wells of Dublin*. The History Press, Baile Átha Cliath.

Brenneman, W. L. Jr & Brenneman, M. G. (1995) *Crossing the Circle at the Holy Wells of Ireland*. The University Press of Virginia, Virginia.

Broderick, E. (2015) *Patterns and Patrons the Holy Wells of Waterford*. Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Carroll, M. P. (1999) *Irish Pilgrimage Holy Wells and Popular Catholic Devotion*. John Hopkins University Press, Londain.

Clarke, A. (2023) *Holy Wells of County Cork*. Wildways Press, Corcaigh.

Evans, E. (1957) *Irish Folkways*. Routledge agus Paul Keegan, Londain.

Foley, R. (2011) Healing waters: Therapeutic landscapes in historic and contemporary Ireland. *Health & Place* 17 (2), 470-479.

Foley, R. (2010) Reforming health in place: The holy well as a therapeutic assemblage. *Health & Place* 10.1016.

French, N. (2012) *Meath Holy Wells*. Ionad Oidhreachta na Mí, An Mhí, Éire.

Hardy, P. D. (1840) *Holy Wells of Ireland*. Hardy & Walker, Dublin.

Harbison, P. (1991) *Pilgrimage in Ireland, the Monuments and the People*. Barrie & Jenkins Ltd, Londain.

Healy, E. (2001) *In Search of Ireland's Holy Wells*. Wolfhound Press, Baile Átha Cliath.

Houlihan M. (2015) *The Holy Wells of County Clare*. Walsh Colour Print, Oileán Ciarraí, Éire.

Kelly, E. P. (2002) Antiquities from Irish Holy Wells and their wider context. *Archaeology Ireland* 16(2), 24-28.

Logan, P. (1980) *The Holy Wells of Ireland*. Colin Smythe, Gerrards Cross.

Lucas, A. T. (1963) The Sacred Trees of Ireland. *The Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 68, 16-53.

Mac Neill, M. (1982) *The Festival of Lughnasa, a study of the survival of the Celtic festival of the beginning of the harvest*. Comhairle Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Misstear B., Gill L., McKenna C., & Foley R. (2018) Hydrology and Communities: A Hydrogeological Study of Irish Holy Wells. *Irish National Hydrology Conference* 2018, 39-47.

Misstear, B. (2023). *Wells and wellbeing: The hydrogeology of Irish holy wells*. Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Baile Átha Cliath

Nugent, L. (2020) *Journeys of Faith Stories of Pilgrimage from Medieval Ireland*. Columba Books, Baile Átha Cliath.

Ó Cadhla, S. (2002). *The Holy Well Tradition. The Pattern of St Declan, Ardmore, County Waterford, 1800-2000*. Four Courts Press, Maigh Nuad.

Ó Danachair, C. (1974) The Death of a Tradition. *Staidéir: An Irish Quarterly Review*, 63(251), 219-230

Ó Danachair, C. (1955) The Holy Wells of Co Limerick. *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*. 85, 193-217.

Ó Giollain, D. (1998) Perspectives in the Study of Folk-Religion. *Ulster Folklife* 36, 66-73.

Ó Giollain, D. (2005) Revisiting the holy well. *Éire-Ireland: An interdisciplinary journal of Irish studies* 40 (1-2), 11-41.

Rackard, A. & O'Callaghan, L. (2001) *Fish Water Stone: holy wells of Ireland*. Atrium, Corcaigh.

Ray, C. (2014) *The Origins of Ireland's Holy Wells*. Archaeopress, Oxford.

Foley, R. (2010) Reforming health in place: The holy well as a therapeutic assemblage. *Health & Place* 10.1016.

Ray, C. (2020) 'Flora, fauna and curative waters: Ireland's holy wells as sites of biocultural diversity' in C. Ray (eag.) *Sacred Waters: A Cross-Cultural Compendium of Hallowed Springs and Holy Wells*, Routledge, 378-90


Ray, C. & McCormack, F. (2023) (eag.) *Holy Wells of Ireland: Sacred Realms and Popular Domains*. Indiana University Press.

Taylor, L. J. (1995) *Occasions of Faith: an Anthropology of Irish Catholics*. The Lilliput Press, Baile Átha Cliath.

Wilde, L. (1991) *Irish Cures, Mystic Charms & Superstitions*. Sterling Publishing, Nua Eabhrac.

Zucchelli C. (2016) *Sacred Stones of Ireland*. The Collins Press, Corcaigh.



Tá dhá chloch ar a dtugtar 'Slipéir Bhríde' i gceann de na toibreacha ag Coimín Bhraichleasáin, Co. Chill Dara. Is dócha gur clocha draenála ó fhoirgneamh meánaoiseach arna n-úsáideadh den athuair iad seo (©Cartlann na nGrianghraf, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann).



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council